

Deirdre Ní Argáin, Ag Siúl sa Dorchadas

© Deirdre Ní Argáin



Bí ag Smaoineamh/ Bí ag plé(Teanga ó Bhéal)

Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?

An gceapann tú go bhfuil an teideal oiriúnach – don phictiúr agus don saol?

Féach ar an lámh. An le duine fásta nó le duine óg an lámh sin?

Tá an fón póca an-dorcha. Tá an scáileán dubh. Tá an cúlra dubh ach tá an lámh níos gile. An maith leat an codarsnacht sin?

Cén dorchadas a bhaineann leis an bhfón póca, dar leatsa?

An mbaineann tú úsáid as fón nó ríomhaire?

Ar bhain tú úsáid astu nuair a bhí an scoil dúnta?

Cén úsáid a bhain tú as an bhfón, as *Zoom* nó as na meáin shóisialta fad is a bhí na scoileanna dúnta?

Conas a chabhraigh an teicneolaíocht le daoine sa bhliain 2020?

An gcaitheann daoine an iomarca ama ar an bhfón agus ar an ríomhaire? (**OSPS**)

An mbaineann tú úsáid as *téacschaint* nó *giorrúcháin* agus tú ag téacsáil?

An úsáideann tú *Grma* nó *Grmma* (Go raibh maith agat / Go raibh míle maith agat)

Bí ag Scríobh: (Teanga-scríbhneoireacht)

Déan liosta de na *giorrúcháin* ar fad atá ar eolas agat (mar shampla: CGL = ceart go leor; LDT – le do thoil)

Bain úsáid as an idirlíon le cur le do liosta.

Roghnaigh tasc amháin as na tascanna thíos:-

1. Scríobh téacschomhrá idir tú féin agus do chara. Bain úsáid as giorrúcháin nó téacschaint más féidir leat. (**Drámaíocht**)
2. Scríobh script gairid le haghaidh scannáin. Bíodh suas le cúigear sa scannán. Má tá tábléad agat ar scoil is féidir úsáid a bhaint as (nó as feidhmchlár éigin) chun an scannán a dhéanamh. (D'fhéadfá amhrán a chumadh nó dán nó rud ar bith.) (**Drámaíocht**)
3. Scríobh script gairid le haghaidh dráma a bhaineann leis an bhfón póca nó an ríomhaire nó na meáin shóisialta nó an stáisiún spraoi. D'fhéadfadh comhrá (nó argóint) a bheith ar siúl idir páisté agus tuismitheoir nó páistí agus múinteoir faoin méid ama atá á chaitheamh ag an bpáiste ar an bhfón nó ar an stáisiún spraoi. (**Drámaíocht**)
4. Is fón póca tú. Scríobh scéal gairid nó dán faoi do shaol. (**Teanga-scríbhneoireacht**)
5. Is fón seanaimseartha tú. Conas a bhraitheann tú faoin bhfón póca? Scríobh scéal gairid nó dán faoi do shaol nó scríobh comhrá idir tú féin agus an fón póca.
6. Scríobh comhrá idir páiste óg a thuigeann gach rud faoi bhfón, faoin ríomhaire, faoi chúrsaí teicneolaíochta agus duine nach bhfuil aon spéis aige sa teicneolaíocht. B'fhéidir go bhfuil siad ag caint ar *Zoom* nó go bhfuil an páiste ag iarraidh *Zoom* a mhíniú don duine eile. (**Drámaíocht/OSPS**)

Tá deis comhrá ag an rang ar conas tú féin a choinneal sláinte agus guthán póca agat (**OSPS**)

An Dorchadas: Teama chun píosa ealaíona a dhéanamh (**Ealaíon**)

© Áine Ni Ghlinn